Pin3.1798.G

Ag troid go dtiteann an Fear Deireannach - Éirí Amach 1798 [I]

Bhí sé mar aidhm ag seanóirí, sa bhéaloideas, galántacht, féinsmacht agus léann a chothú sna laochra Gael, chomh maith le dlúthpháirtíocht le muintir na hÉireann. Bhí sé le bheith ar intinn acu sa t-sean-am, mar sin, ár ndlíthe agus ár luachanna morálta a chosaint, chun cabhrú lenár ndaoine Ceilteacha maireachtáil le linn na himirce, na folláine agus in am ár gcur faoi gcois. Tá macalla den am ‘schaigh thart, ag dul siar 5,000 bliain, le fáil, i dteangain na Ghaeilge neamh-hibridithe. Bhí sior-bhrú marbhthach orainn, anuas tríd na blianta, agus tá sin le feiceáil i gcuntas éirí amach 1798.

Sochaí a bunaíodh i 1791 í, N**a hÉireannaigh Aontaithe.** Spreag an chos ar bolg choilíneachta na Ceanairí chun éirí amach, agus inspioráid fachta acu ó Réabhlóid Mheiriceá (1775–83) agus Réabhlóid na Frainnce (1789). B’í aidhm na gluaiseachta ná saoirse a bhaint amach d’Éirinn. Sa bhliain 1796, chuir Sasana tús le h-iarrachtai chun deireadh a chur leis na hÉireannaigh Aontaithe, mba mhian leobhtha rialtas náisiúnta a bhunú, le ‘h-ionadaíocht chomhionann dosna na daoine go léir’. Bhí cláirseach Cheilteach mhaisithe mar fheathal acu, ar a raibh na focail-

Comhionannas: Tá sé nua agus láidir agus éistfear leis

Bhí go leor Protastúnach prionsabálta d’Eaglais na hÉireann sa cheannaireacht. Don chuid ba mó, ba Chaitlicigh agus Easaontóirí (Preispitéirigh Uladh) iad na baill. B’íospartaigh an dara grúpa seo faoi na Péindlíthe chomh maith**,** a dúradh fútha gurb iad ‘an t-inneall ba ghaoisíghe**,** mionsaothraithe - do chum cos ar bolg, bochtanas agus díghrádú a dhéanamh ar daoine - a dthainig ariamh ó intinn saobhtha an duine ’. Sna 17-1800í, d’úsáid lucht cinsil Shasana - ní muintir Shasana - reiligiún do chum cara ó namhaid a idirdhealú.

Ghearr na reibiliúnaithe a gcuid gruaige, i stíl réabhlóidigh na Frainnce, agus tugadh 'Craipithe ' ortha. Cuireadh tús le foréigean áitiúil faoi Earrach 1798. Ní raibh fórsaí ná eagraíocht ag na reibiliúnaithe, a bhí armtha le huirlisí feirme. Bhí siad i mbarr a gcéille fiú má bhí siad idéalaíoch. Rinne Mílístí Shasana éacht forleathan ar Shaorálaithe na Éireannach Aontaithe, ag iarraidh an bonn a bhaint díobhtha.

Bhí cohórt de dhaoine lán-ghalldaithe anseo le fada, gan aon phrionsabal mhorálta acu – is iad ag obair go minic mar spiairí dosna Sasanaigh. Dá bharr sin, ghabh Maor an Bhaile, Henry Sirr,

príomhchonstábla Bhaile Átha Cliath, deichniúr desna ceannairí, ar an 12ú Márta, 1798, i dteach an Phreispitéirigh, Oliver Bond, ceannaí olla. Cuireadh pianbhreith báis air agus ar bheirt eile i 'dtriail chalaoisigh', téarma do cumadh ó shin i leith, i stair na hEorpa.

Bhí aidhm ag **Theobald Wolfe Tone**, fear carasmatach agus ceannaire na nÉireannach Aontaithe, cearta dá chomhthírigh Phreispitéireacha agus Caitliceacha a'fháil. Chuaigh sé féin agus **Napper Tandy** (mac le h-iarnmhangaire de Chumann na gCarad, fear diongbháilteachta agus prionsabail) go Páras chun iarraidh ar **Napoleon Bonaparte** cabhrú leobhtha. Dúirt Napoleon le Wolfe Tone: "Mais, vous êtes brave (Ach, tá misneach agat)". Bhí an **Tiarna Edward FitzGerald** (1763 - 1798) gníomhach i seirbhís na Breataine i gCogadh Saoirse Mheiriceá agus i bParlaimint na hÉireann. Ach ba bhall ceannródaíoch Na hÉireann Aontaithe é, mar shásamh coinsiasa. Chinn sé ar éirí amach gan chabhair. Ar an oíche roimh an éirí amach, gortaíodh go marfach é le linn a ghabhála. Níor cuireah deireadh leis an ngluaiseacht.

Hugh Douglas Hamilton - http://www.galleryofthemasters.com/h-folder/hamilton-hugh-douglas-lord-edward-fitzgerald.html, Public Domain, https://commons.wikimedia.org/w/index.php?curid=3835564

Bheartaigh Sir Ralph Abercromby, Ard-Cheannasaí Shasana in Éirinn, **pionós comhchoiteann** a ghearradh ar an bpobal agus go mbeadh **'Saor-bhuannacht'** ag trúpaí i gceantair suaite, le horduithe bia, eallach agus farae a fhoréileamh agus meanma na ndaoine a bhriseadh, ar aon bhealach ar mhian leobhtha. I ndéidh seo, rinneadh tithe a dhó go forleathaní, bia a coigistiú, pianadh agus éigniú. Ach níor leor dóibh an t-oileán a iompú ina shluachampa báis**.**

Tháinig an Ginearál Lake in áit Abercromby. Chreid sé i **bpionós roghnach**. Cuireadh an dlí ar fionraí. D'fhéadfadh sé beart a dhéanamh, 'má bhí sé riachtanach – fiú nach gceadóchadh an dlí é'. Adúirt Lake féin: "Táim cinnte go gcaithfidh an comórtas a bheith idir an t-arm agus na daoine ".

A) I mBéal Átha Í, Co Chill Dara, ar an 1ú Bealtaine, 1798, bhí **Triantáin** le feiceáil don chéad uair. Ceanglaíodh íospartach go struchtúr triantánach adhmaid agus annsin tugadh léasadh dó, go ndeachaigh sé a 'dhéag - mura raibh faisnéis le tabhairt aige dóibh. Bhí sciúrsáilithe deasacha agus ciotacha. Rinne siad an sciúrsáláil i dteannta a chéile. Nuair a d'éireodh sciúrsálálaithe tuirseach, cuirfí daoine eile na n-ionad, lena chinntiú go leanfaí ar aghaidh leis an gcéasadh, ag baint craicinn, matán agus fola ón gcréatúr.

B) Baineadh úsáid as '**an Croch Taistil**' iniompartha le haghaidh **Leath-chrochadh**. Crochadh íospartaigh thar dhroim saighdiúra nó ó struchtúr adhmaid. Athmhúsclaíodh iad, gach uair a chaill siad an an mothú ón tachtadh.

Tugtaí '**Picéadú**' ar nós imeachta eile - fágadh an t-íospartach ar chrochadh ach d'fhéadfadh sé seasamh ar feadh achair, dá mbeadh sé in ann, ar gheallta ghéara, bhioracha. Nuair a bheadh sé gar don bhás, ligfí síos é, athmhúsclaíodh agus crochfaí arís é. Déanfaí é seo go dtí go mbeadh sé chomh maith an t-íospartach a fhágáil ar chrochadh. **Bás uathbhásach an toradh i ngach cás.**

C) Maidir le **Pic-chaidhpeáil**, cuireadh caipín cónach, líonta le Pic bhruite, (tarra) ar cheann an íospartaigh. Rith an tarra bruite síos aghaidh an duine agus isteach ina súile agus a bhéal. Nuair a fhuaraigh an Pic, baineadh an caipín de, leis an gcuid ba mhó dá **phlait**. Baineadh úsáid as **deimhis** chun gruaig fhada a bhaint - go minic leis na cluasa freisin. Uaireanta cuireadh púdar gunna leis an dtarra bruite, a cuireadh ar lasadh annsin.

D'fhéadfaí tarra bruite a dhoirteadh go díreach isteach i súile agus i mbéal an íospartaigh. Toisc go raibh sé seo i gcónaí go tapaidh marfach, úsáideadh an mhodh mar chineál forghníomhaithe.

Céasadh agus maraíodh sibhialtaigh ar toil na saighdiúrí. Ba mhinic a bhí ar reibiliúnaithe seasamh i gcoinne gunnaí - gan ach pící acu - a úsáideadh de ghnáth chun féar a bhailiú. Throid **aon sagart déag**

ar a laghad lena muintir: maraíodh cuid acu i gcathanna agus crochadh ceathrar. B'é an sagart a mba mhó cáil **an tAthair John Murphy**, arbh as Buaile Mhaodhog d. Baineadh a chuid éadaí de, sciúrsáladh agus crochadh é. Annsin baineadh an ceann de agus dódh a chorp.

I gCúige Uladh, ghabh reibiliúnaithe Preispitéireacha **Baile Aontroma** ar feadh cúpla uair an chloig, ar an 7ú Meitheamh, ach annsin díbrígh airtléire rialtais iad le 'h-ár mór'. I Loch Garman, ar an 21ú Meitheamh, tháinig **General Gerard Lake** timpeall ar **Choc Fhiodh na gCaor**, le fórsa 20,000. Thosnaigh an cath agus lean sé ar feadh thart ar dhá uair an chloig, gur cuireadh an ruaig ar na reibiliúnaithe agus na mná agus na leanaí a bhí leo. Bhí said armtha le huirlisí feirme amháin agus maraíodh an chuid ba mhó díobhtha. Bhí an t-éirí amach san Oir-Dheisceart thart.

Faoi Iúil 1798, bhí deireadh curtha ag an General Lake leis an éirí amach ar fud na tíre. Chuir Forghabháil Shasana an oiread sin uafáis ar na daoine, go ndeachaigh fir, mná agus páistí amach go toilteanach i mbaol a mbáis. Seans go raibh an mhodh a úsáideadh chun deireadh a chur leis an éirí amach, má's sin a cuirfí air, ar cheann desna rudaí i gceist nuair, ar an 18ú Bealtaine, 2011, dúirt HM Queen Elizabeth II "rudaí ar mhaith linn go ndéanfaí go difriúil nó nach ndéanfaí in aon chor iad".

Général Humbert's Napoleonic Republic of Connaught 1798 [II]

Tagann go leor den fhaisnéis ar na heachtraí seo ó bhéal dhaoine áitiúla. Ba bhaill iad den Phoblacht ghearrshaolach Chonnachta. Coinnítear a gcuid scéalta i Roinn Bhéaloidis Leabharlann Bhéal an Átha Mhóir, Contae Liatroma.

Tháinig Connacht slán ón ionsaí General Lake. Ar an 22ú Lúnasa, 1798, tháinig Le Général Humbert ón bhFrainnc, go Cill Ala, Co Mhaigh Eo. Faoi bhratach Shasanach, chuir sé an baile faoi smacht go héasca. Chuaigh a lán Óglach áitiula isteach ina arm, ar a n-áirítear fir **Dún Chaocháin**, Co Mhaigh Eo. Chuaigh droch-bhail na ndaoine bochta in Éirinn ina luí go mór ar na Franncaigh.

Tar éis mháirseáil 15 míle dó, i lár na h-oíche, tháinig Humbert go Caisleán an Bharraigh ar an 27ú Lúnasa, 1798. Rinne fórsa comhcheangailte de 2,000 Francach agus Éireannach fórsa de 6,000 saighdiúirí Sasanacha a ruaigeadh. Tugadh **'Rásaí Chaisleán an Bharraigh'** ar an ruaig agus teith na Sasanach ceann ar aghaidh. Tréigeadh méad ollmhór gunnaí agus trealamh, ar a n-áirítear bagáiste pearsanta General Lake. Tar éis bua na Frainnceach, tháinig na mílte Óglach arís chun cuideadh le Humbert. Ar an 31ú Lúnasa, 1798, bhunaigh Humbert **Poblacht Chonnachta** agus cheap sé John Moore mar Uachtarán.



Bhí Lake meáite ar díoltas a bhaint amach as an gcliseadh a d'fullaing sé. D'fhág Humbert Caisleán an Bharraigh, i ndorchadas na hoíche. Ar Dé hAoine, an 7ú Meán Fómhair, ruaig a fhórsaí 100 trúpa s bhi ag cosaint Droichead Bhéal Átha an tSratha. Rinne sé iarracht é a scriosadh, chun General Lake a mhoilliú, ach chuir snípéirí Sasanacha isteach ar seo. Chuaigh fórsaí Humbert trí Dhroim Seanbó - chun sos a thógáil ar Chnoc Dristearnáin. Ag Cló Droma, scaoil fórsaí na Breataine, faoi cheannas Crawford, ar chúlgharda Humbert. Stop a fhórsaí sin, chun aghaidh a thabhairt ar Crawford, a theith ar cosa in airde agus d'fulaing sé caillteanas mór.

Tar éis na gníomhaíochta seo níor chuaigh Crawford i dteagmháil le fórsaí Humbert arís, go dtí gur tháinig Lake i dteagmháil leo ní ba dhéanaí, ag Béal Átha na Muc. Chuir Humbert dul ar aghaidh go Granard faoi chaibidil, áit ar cheap sé go mbeadh na mílte Éireannach Aontaithe as lár na tíre. Ach tháinig sé chun solais gur ruaigeadh ós cionn de 2,000 Éireannach Aontaithe cheana féin ag Cath Gránard. Armtha le pící, ní raibh na Reibiliúnaigh incurtha le fórsaí Shasana. Nuair a bhí Cath Gránard thart, thug na Sasanaigh na Craipithe, a tháinig slán, go dtí an séipéal ag Gránard, chun iad a chrochadh .

Tugadh '**an Croch Taistil**' ar Cheannasaí ag Gránard, darb ainm Heppenstall dó, ó Chill Mhantáin. Bhí cuma cumhachtach aige agus bhí cáil air gníomhú mar ghiúiré, mar bhreitheamh agus mar fhorghníomhaitheoir. Dúradh munar chuir sé muinín i dtuathánach ar bhuail sé leis, ar an mbóthar, go "ndéanfadh sé é a phuinseáil agus ansin é a ghabháil, go leathchomhfhiosach nó go hiomlán comhfhiosach, lené a chrochadh ar a dhroim go dtí go mbeadh sé marbh".

Sa chaoi chéanna ag Gránard, chaithfeadh Heppenstall íospartach thar a ghualainn - le rópa timpeall a mhuineáil - agus léimleadh sé annseo is annsiúd go dtí go mbeadh an créatúr bocht marbh. Nuair a d'éirigh na Sasanaigh tuirseach den chrochadh, d'fhág siad príosúnaigh a bhí fágtha, ceangailte suas, ina luí ar an mbóthar, thar oíche. Ar maidin, seoladh tréad eallach tharstu. Rinneadh duine ar bith a bhí fós beo a lámhach**.** Sna laethanta dár gcionn, thosaigh na saighdiúirí, gan chosc ortha, ag léasadh is ag marú daoine agus ag loscadh tithe, ar fud na tire, chun daoine a chosc ar troid le Humbert.

Lean Humbert ar aghaidh, ar bhóthar as Fenagh, a dtugann muinntir na háite 'Seanbhóthar na Frainnce' air, chun bualadh leis an gcuid eile dá fhórsaí. Go déanach, ar an 7ú lá Meán Fómhair, shroich Humbert An Chluain, le grúpa saighdiúirí tuirseach. Traochta.

Tháinig toscaireacht ósna hÉireannaigh Aontaithe áitiúla chun buaileadh le Humbert: gheall siad 10,000 earcach dó, dá bhféadfadh sé fanacht go dtí an lá dar gcionn. Ní ba dhéanaí arís, ag 10 i.n., d'fhág an Ginearál Charles Cornwallis, an 1ú Marcas Cornwallis, a bhí ag ag freastal ó Mhí an Mheithimh, 1798, mar Thiarna Leifteanant na hÉireann agus mar Ard-Cheannasaí na hÉireann, Carraig, lena chuid trúpaí, chun dul go. D'fhoghlaim sé go raibh Humbert ag fanacht an oíche sin ag an gCluain. Chuir sé focal chuig Lake dul ann. Bhí seisean i ngiorracht do Cheis Charraigín agus b'eigean dó máirseáil tríd an oíche.

Ag an gCluain, d'ith fir Humbert béile agus lig siad a scíth. Ar an 8ú lá de Mheán Fómhair, d'fhág fórsaí Humbert an baile fearainn. Chuaigh na Franncaigh agus na hÉireannaigh i dtreo Béal Átha na Muc, ag fágáil Loch Chaoldra dóibh, chuaigh siad go Cotann agus Farglas, i bParóiste Ghort Leitreach.

Shroich arm Cornwallis Maothail. Bhí a fhios aige go raibh Humbert ag tabhairt aghaidh ar Bhéal Átha na Muc. Chuir sé a chuid trúpaí chun tosaigh ar Humbert, chun é a dheighilt amach. Bhí General Lake ag leanúint Humbert. Bhí fórsa comhcheangailte Shasana thart ar 35,000 fear. Ní raibh ceist annsin ach cathain a bheadh a t-am istigh, sular gabhadh Humbert ag Béal Átha na Muc. Bhí fórsa ní ba lú ná 2,000 fear aige. Tharla an cath ar maidin te, Dé Sathairn an 8ú lá de Mheán Fómhair.

Ba líonmhaire iad na Sasanaigh ná Óglaigh Humbert agus ní raibh siad in ann ach frithsheasmhacht chomhartha a chur suas. Ghéill na Franncaigh agus tógadh mar phríosúnaigh chogaidh iad. Níor taispeánadh aon trócaire dosna Gaeil. Thug na Sasanaigh ruathar ortha, ag marú gach éinne ar fhéad siad a mharú. Ar an 9ú lá de Mheán Fómhair, d'imthigh go leor daoine go láthair an chatha ag Béal Átha na Muc. Ina measc bhí fear as Cill na Seanrátha, a scríobh: "Bhí timpeall is cúig chéad corpán ann. Chuaigh mé le go leor daoine eile chun iad a fheiceáil. Cé chomh h-uathbhásach is a bhí sé! An t-sliabh álainn sin a fheiceáil clúdaithe le corpáin mharbha, ag féachaint cosúil le tréada caorach - mar go raibh roinnt diobhtha nochta agus leata leis an aimsir ".

Sna laethanta agus na seachtainí tar éis an chatha, dianchuardaigh saighdiúirí as Liatroim, an Longfort, agus an Cabhán an tuath, ar lorg reibiliúnach a d'éalaigh. Insíonn an traidisiún dúinn gur gabhadh reibiliúnach i Fíonach a bhí ag teitheadh agus crochadh é ó chrann taobh amuigh de theach Jimmy Joe McKiernan (Dealbhóir áitiúil, nach maireann).

Gabhadh William Brady as Ceis Charraigín agus é ag cabhrú le reibiliúnaigh chun teitheadh trasna an phortaigh, cúpla míle ó Bhéal Átha na Muc. Cuireadh ar triail é agus bhí sé daortha chun báis trí chrochadh. Ina dhéidh sin bhi a cheann le bheith bainte dá chorp agus curtha san áit b'fheiceálaí i mBaile an Chabháin. Níor cuireadh phríosúnaigh a tugadh go Carraig na Sionainne faoi thriail armchúirte.

Deir cuntas amháin: "Tar éis na gníomhaíochta i mBéal Átha na Muc, mháirseáil an reisimint go Carraig na Sionainne áit a raibh cúpla céad reibiliúnach sa teach cúirte. Tháinig ordú ó Cornwallis go ndéanfaí méad áirithe díobh a chrochadh gan trua gan taise – agus scríobhadh 'Bás' ar phíosaí páipéir fhillte den mhéad seo. Leo siúd i hata, chuaigh an Captaen Aidiúnach Kay isteach sa teach cúirte agus chuireadh ar chrainn é chun a fháil amach cé a crochfaí. Chomh tapaidh agus a tharraing ainniseoir an ticéad marfach, tugadh amach é agus crochadh é ag an doras ... Ba dhualgas uafásach é a chur ar aon reisimint ". Deir cuntas eile: "crochadh 19, agus cuireadh na príosúnaigh a fágadh chuig reisimint eile chun ár eiseamláir a leanúint".

Úsáideadh dhá áit forghníomhaithe i gCarraig na Sionainne. Cuireadh príosúnaigh nár crochadh sa

chéad láithreán chuig an dara láithreán. Ach onnmhairíodh príosúnaigh eile, **mar sclábhaithe, chuig coilíneachtaí mar an Astráil agus an Tasmáin.** Cuireadh cóir mhaith ar na Franncaigh mar phríosúnaigh chogaidh agus cuireadh gach duine acu ar ais chun na Frainnce. Rinneadh malartú le príosúnaigh Sasanacha sa bhFrainnc ionas go bhfillfeadh na Franncaigh abhaile go sábháilte. In Éirinn, lean forghníomhaithe, pianóis achoimre agus díoltas ar aghaidh ar feadh seachtainí tar éis chath Bhéal Átha na Muc. Le linn an chéad choicís de Mheán Fómhair, 1798, bhí airm níos mó ná mar a chonaic daoine áitiúla riamh, ag déanamh creiche ar fud na tuaithe i Liatroim agus i bhFíonach. Tré úsáid 'Bhuannachta' rinneadh dúshaothrú cruálach: robáil, éigniú, dúnmharú agus rinne na saighdiúirí é seo, beag beann ar na hiarmhairtí.

Scríobh **Adelia M. West**, bean Angla-Éireannach, ina cuimhní cinn “Dúirt mo mháthair liom gurb é Fómhar ’98 an ceann is fearr a chonaic sí riamh, go raibh sé cosúil leis an Samhradh, i rith Mí na Samhna agus Mí na Nodlag. Ghearr sí dornán mór de rósanna sa ghairdín in Annadale [i gCill Tiobraid] ach, cé go raibh bláthanna neamhghnách flúirseach, bhí bia gann. Agus bhí dul amú ar na daoine bochta, aineolacha i go leor áiteanna agus iad stiúgtha leis an ocras."

Ba dhíol suntais an dícheangal idir na gnáth-dhaoine, a bhí i ndíothacht, agus an lucht cinsil. B’amhlaidh gur thóg Éire, Banba agus Fodhla, ár dtriúr Banphrionsa - i bhfeighil an Talamh agus na Daoine, na Cosanta agus na Foghlamtha - céim siar eile i dtreo na doiléire. Agus bhí an Gorta Mór fós le theacht, i 1845.